

IONAD DÍDINE?

**Acmhainn Oideachas
Forbartha Iar-
bhunscoile: Cearta ar
Thalamh & Dídeanaithe**



trócaire

CLÁR ÁBHAIR

RÉAMHRÁ

Conas an Acmhainn seo a úsáid 3

Naisc Churaclaim | Íocóin don Acmhainn 4

Nótaí don Oide 5

MÍR 1: MO THUATH

Gníomhaíocht 1: Tábhacht na Talún don Phobal 9

Gníomhaíocht 2: Fan nó Fág? 9

Fan nó Fág: Ráitis A –An tSiria Thuaithe 10

Fan nó Fág: Ráitis B –An tSiria Uirbeach 11

MÍR 2: TÍR DHÚCHAIS

Gníomhaíocht 3: Brigit & Sami 12

Bileog Oibre 1: Ag Fágáil an Bhaile
– Scéalta: Brigit & Sami 13

Gníomhaíocht 4: Cad Eile a Chailtear
Nuair a Bhaintear an Talamh Díot? 14

MÍR 3: TUATH NUA

Gníomhaíocht 5: Tíortha Óstacha na nDídeanaithe 15

Bileog Oibre 2: Bratacha na dTíortha Óstacha 16

Gníomhaíocht 6: Cad iad Cearta na nDídeanaithe? 17

Bileog Oibre 3: Dearbhú Uilechoiteann
Chearta an Duine (1948) (Leagan don Óige) 18

Gníomhaíocht 7: Forbairt agus Cúnamh Sawa 20

Bileog Oibre 4: An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna 21

Gníomhaíocht 8: Na Scéalta is Tábhachtaí 22

Bileog Oibre 5: Cás-staidéar Sawa: Forbairt & Cúnamh 24

MÍR 4: CÉ LEO AN TALAMH?

Gníomhaíocht 9: Am Filleadh Abhaile? 26

Gníomhaíocht 10: Gníomhairí Athraithe Trócaire 27

Dídeanaí óg Siriach i
nGleann Beqaa, An Liobáin.
Grianghraf: Simon Walsh



CONAS AN ACMHAINN SEO A ÚSÁID

Fáilte chuig mír 3 den turas oideachais trí bliana maidir leis na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe (SFI).

Beifear ag breathnú sa chuid seo ar théama **Chearta ar Thalamh** trí iniúchadh a dhéanamh ar thaithí na ndéanaithe Siriacha a chónaíonn sa Liobáin. Níl SFI ar leith ann maidir leis an téama chearta ar thalamh, ach is féidir a rá go mbaineann go leor de na spriocanna le ceist na talún. Ciallaíonn sé sin nach féidir na spriocanna sin a shroicheadh gan aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le seilbh na talún. Baineann na spriocanna nó na táscairí seo leanas le ceist na talún:



NA SPRIOCANNA DOMHANDA
Um Fhorbairt Inbhuanaithe

Bíonn na gníomhaíochtaí san acmhainn tras-churaclaim seo oiriúnach do dhaltáí san Iar-bhunscoil go dtí an idirbhliain/Eochairchéim 4. Tá naisc ann leis na snáitheanna a bhaineann le Cearta Daonna agus le Freagracht sa chuid sin den churaclam a dhéanann trácht ar an tsochaí. Tá léiriú PowerPoint a thugann breis eolais agus ábhar a bheadh de dhíth ort le haghaidh na ngníomhaíochtaí éagsúla san acmhainn a chomhlíonadh (mapaí/grianghraif/físeáin). [Le híoslódáil a dhéanamh ar an léiriú seo téigh chuig: trocaire.org/education/landrights](http://Le.híoslódáil.a.dhéanamh.ar.an.léiriú.seo.téigh.chuig.trocaire.org/education/landrights). A fhad is a bhíonn an obair san acmhainn seo á dhéanamh ag do dhaltáí, beidh siad ag foghlaim faoin gcoinbhleacht sa tSiria, agus faoin tionchar a bhí aige ar na teaghlaigh a d'fhulaing an t-easáitiú éigeantach, ionas go ndearnadh dídeanaithe díobh dá bharr.

TRÓCAIRE: OIDEACHAS FORBARTHA

Is próiseas gníomhach cruthaitheach é an tOideachas Forbartha. An aidhm a bhaineann leis ná tuiscint agus feacht a fheabhsú maidir leis an domhan ina mairimid.

Tugtar dúshlán ann don aireachtáil agus don steiréitópáil trí dhóchas a spreagadh ionainn, ionas go mbeimis gníomhach ar son an domhain chóir. Tá comhairle don oide faoin oideachas forbartha ar fáil ag: trocaire.org/education/resources/what-development-education

Curtha ar fáil ag an Fhoireann Oideachas Forbartha, Trócaire, 2019
Údar: Stephen Farley

Táimid buíoch de na hoidí agus de na daltaí a rinne an acmhainn a thriail agus a chuir go mór leis, ina measc: Séamus De Búrca, Eoghan McEvoy, Mick Finnegan, Enoch Burke.



NAISC CHURACLAIM

Poblacht na hÉireann*	Míreanna	Comhábhar
Teastas Sóisearach Oideachas Reiligiúnach	Mír A: Pobail an Chreidimh	Cuid 1 – Pobal Cuid 2 – Pobail ag Obair Cuid 3 - Pobail an Chreidimh
Teastas Sóisearach CSPE	Aonad 4: Éire & an Domhan	Ceisteanna Fhorbairt Dhomhanda Idirspleáchas
Sraith Shóisearach Tíreolaíocht	Snáithe 3: Daoine, Ait & Athrú a Iniúchadh	3.2 Fáthanna & Torthaí na hImirce a Iniúchadh 3.7 Comparáid a dhéanamh idir dheiseanna saoil don duine óg maidir le cothroime inscne, cúram leighis, fostaíocht agus deiseanna oideachais i dtíortha forbartha agus neamhfhorbartha 3.8 Déan measúnú ar ról an chúnaimh fhorbartha san fhorbairt dhaonna a mheas
Sraith Shóisearach Stair	Snáithe 1: Nádúr na Staire	An Pictiúr Mór – 1.11 comparáidí & naisc idir áiteanna & trátha stairiúla: daoine, imeachtaí, saincheisteanna éagsúla
Sraith Shinsearach Polaitíocht & an tSochaí	Topaic 6: Cearta Daonna & Freagracht san Eoraip & ar fud an Domhain	6.2 Argóintí maidir le Cearta Domhanda

*Tá athruithe á dhéanamh i Sraith Shóisearach na Poblachta, agus scoileanna i dtráth idirlinne. Déantar an acmhainn seo a nascadh le sonraíochtaí ábhar nua a tugadh isteach Meán Fómhair 2018. Nuair nach mbíonn ábhar nua curtha ar fáil, tá an nascadh leis an seanábhar.

Tuaisceart Éireann*	Míreanna	Comhábhar
KS3 Reiligiún	Cuspóir Foghlama 3: An Mhoráltacht	c. Roghanna
KS3 Tíreolaíocht	Daltaí a Fhorbairt mar rannpháirtithe na Sochaí	Pléigh an ról a bheadh ag na daltaí i ndomhan cóir a chruthú do chách
KS3 Foghlaim don Saol & don Obair	Saoránacht Áitiúil & Domhanda	Cearta Daonna agus Freagracht Shóisialta
KS4 Foghlaim don Saol & don Obair	Saoránacht Áitiúil & Domhanda	Feasacht a mhúscailt iontu faoi obair na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha
GCSE Tíreolaíocht	Aonad 2: Ag Maireachtáil ar Domhan	Téama A: Daonra agus Imirce Téama C: Codarsnacht san Fhorbairt Dhomhanda

ÍOCÓIN DON ACMHAINN



RÍOMHAIRE/TEILGEOIR



BILEOG OIBRE



PEANN & PÁR



POWERPOINT



PACA GRIANGHRAF



FÍSEÁN IAR-BHUNSCOILE



ROCHTAIN AR AN IDIRLÍON

NÓTAÍ DON OIDE AR CHEARTA AR THALAMH AGUS DÍDEANAITHE NA SIRIA

Tá 25% de theaghlach dhomhan an lae inniu, gan talamh ar bith.

Tarlaíonn sé ar na cúiseanna seo: de bharr rialtais agus corparáidí éillitheacha, deiseanna grabála ag taoisigh áitiúla, nó baill teaghlach a bhaineann a gcearta ar thalamh de na mná. Má chailltear an talamh cailtear neamhspleáchas, agus cruthaítear an bhochtaineacht. Is buntáiste eacnamaíoch í an talamh, seachas áis don fheirmeoireacht amháin. Is fíor a leithéid ach go háirithe i measc shochaithe na mbocht, toisc go mbíonn rachmas agus marthanacht ag brath ar sheilbh na talún.

Sna tíortha ina mbonn Trócaire ag obair, bíonn breis agus leath den daonra ag brath ar an fheirmeoireacht mar shlí bheatha. Cé go mbaineann na pobail tuaithe seo le ceantair ina mbíonn bia á tháirgeadh, níl seilbh na talún ag an bhformhór acu. Nuair a dhíshealbhaítear na daoine seo baintear na slite bheatha díobh, chomh maith leis na cearta daonna.

Cearta ar thalamh = Cearta Daonna

I rith an Charghais beidh 3 theaghlach ó áiteanna éagsúla ar domhan, á scrúdú againn. Baineadh an talamh díobh le fórsa ar na fáthanna seo leanas:



| Grianghraf: Gary Moore

Toisc gur bean/cailín a bhí i gceist

Tá Evelyn agus a muintir á gcur amach óna gcuid tailte. Tá na cearta a bheadh aici talamh a bheith ina seilbh aici á gceistiú ag ball den phobal áitiúil, toisc go bhfuair a fear céile bás.



| Grianghraf: Manuel Morillo

De bharr rialtais agus corparáidí éillitheacha

Is den chine dúchasach Máigheach ó Ghuatamala iad José, Adela agus an chlann. Bhain tiarna talún rachmasach áitiúil a gcuid tailte díobh, le cead ón rialtas Guatamalach. Ba mhaith leis cána siúcra a fhás le bithbhreosla a chruthú.



| Grianghraf: Simon Walsh

Coinbhleacht, foréigin, cogadh cathartha

Cuireadh iallach ar Maya agus a muintir an áit chónaithe sa Damaisc a fhágáil de bharr an chogaidh cathartha atá ar siúl sa tSiria ó 2011 suas go dáta.

San acmhainn Iar-bhunscoile seo, beifear ag díriú ar thaidhí dhaoine ar nós Maya agus a muintir, atá ina gcónaí faoi láthair i gcampa na ndéanaithe i nGleann Beqaa in oirthear na Liobáine. Bíonn Trócaire ag comhoibriú lena chuid leathbhádóirí sa Liobáin a chuireann ionad dídine ar fáil do na déanaithe ón tSiria agus ó áiteanna eile. Cuirtear cúnaimh bunúsach ar fáil do na daoine/teaghlach; oideachas, cúram sláinte, traenáil le go bhféadfaí poist agus obair ar íocaíocht a fháil. Leagtar béim ar an gcabhair shíceasóisialta a chur ar fáil dóibh chomh maith.

NÓTAÍ DON OIDE: AN LIOBÁIN

Tír sa Mheánoirthear ar chósta na Meánmhara í An Liobáin. Tá Iosrael ó dheas agus an tSiria soir agus ó thuaidh uaithe.


Tharla cogadh cathartha lotmhar sa tír seo idir 1975–90. Maraíodh 7% den daonra agus rinneadh scrios ar infreastruchtúr na tíre.

Tá taithí ag muintir na Liobáine ar dhídeanaithe a bheith sa tír acu; theith na céadta míle Palaistíneach chucu de bharr na gcoibhleachtaí Arabacha/Iosraelacha sna blianta 1948 agus 1967. Tá go leor de na dídeanaithe Palaistíneacha seo ina gcónaí sna campaí le fada an lá.

Baineann srianta le cearta na ndídeanaithe Palaistíneacha seo sa Liobáin, agus níl cead acu obair a ghlacadh i bproifisiúin áirithe. Tá go leor acu beo bocht, iad ina gcónaí in dhá champa dhéag atá scaipthe ar fud na tíre. Baineann caighdeán íseal leis an lóistín plódaithe, agus tá easpa infreastruchtúir ag goilleadh orthu chomh maith.*

Deir dídeanaithe Palaistíneacha áirithe go bhfuil cead stairiúil acu fillleadh ar an bPalaistín dóibh féin agus dá sliocht, ach séanann údaráis Iosrael go bhfuil ceart ar bith dá leithéid acu.

Tá dhá ghluaiseacht pholaitiúla sa tír: *14 Márta* a fhaigheann tacaíocht ó SAM agus ón Araib Shádach, agus *8 Márta* atá i bhfabhar na Siriacha agus i gcoinne an taoibh eile. Tá an dá thaobh in adharc a chéile le deich mbliana anuas maidir le córas rialúcháin na tíre. Theip ar an rialtas trí huairé dá bharr, i 2005, 2011 agus 2013. Tá comhdhéanamh an rialtais de réir líon na bpobal creidimh. Caithfidh an t-uachtarán (Michel Aoun faoi láthair) a bheith mar Chríostaí Maróiníteach, an príomh-aire (Saad Hariri faoi láthair) a bheith mar Mhoslamach Sunnaíoch agus an ceann comhairle (Nabih Berri faoi láthair) a bheith mar Mhoslamach Shiaigh.



Tá an phríomhchathair, Béiriút, roinnte i gceantair eitni-reiligiúnacha. Bíonn an chuid is mó den chathair faoi smacht ag fórsaí armtha na Liobáine, cé go bhfuil cuid di faoi smacht Hezbollah. An dá theanga is mó a labhraítear sa Liobáin ná Araibis agus Francis, cé go bhfuil Béarla ag go leor daoine ansin. Tá córas thar a bheith coimpléascach ó thaobh na polaitíochta de sa tír, de bharr na dtionchar láidir éagsúla inmheánacha agus seachtracha a cuireadh i bhfeidhm uirthi. Chuir cogadh cathartha na Siria go mór le deacrachtaí na Liobáine nuair a tháinig breis agus milliún dídeanaithe Siriacha isteach sa tír.

De réir an eolais is déanaí ó na NA, tá An Liobáin ag #80 ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD), bunaithe ar oideachas, ioncam agus gnáth-thréimhse saoil. Tuigtear gur tír ardfhorbartha í An Liobáin; bíodh sin mar atá, cónaíonn an chuid is mó de na dídeanaithe faoi dhálaí ísle maireachtála sna campaí, agus is bocht an saol a chaitheann siad sa Liobáin dá bharr.

Dar le háis na NA do dhídeanaithe (UNHCR), tá líon na ndídeanaithe Siriacha sa Liobáin ag 20% de dhaonra iomlán na tíre. Tá daonra de 6 mhilliún sa Liobáin, níos mó ná mar atá i bPoblacht agus i dTuaisceart na hÉireann curtha lena chéile. Tá an Liobáin i bhfad níos lú ná tír na hÉireann, í chomh mór le cúige na Mumhan, b'fhéidir.

* unrwa.org/where-we-work/lebanon

AN TSIRIA: TITIM IN UMAR NA HAIMLÉISE

Tá sé thar a bheith deacair cogadh na Siria, an fáth le gur thosaigh sé i 2011, agus na páirtithe éagsúla a ghlacann páirt ann a thuiscint de bharr na bhfachtóirí casta a bhaineann leis. Tá dhá chúis bhunúsacha leis.

Ghlac an tUachtarán Bashar Al Assad seilbh ar an tír i ndiaidh a athar, sa bhliain 2000. Deirtear gur chuir sé polasaithe i bhfeidhm le deich mbliana ina dhiaidh sin nár chabhraigh le heacnamaíocht na tíre. Tháinig triomach ar an tír a loisc na barraí. Chaill go leor duine óg a gcuid oibre de bharr na gcúiseanna seo. D'ímigh na mílte acu ón tuath le cur fúthu i gcathracha na Siria: Homs; Hama; Aleppo; agus An Damaisc. Chuireadar fúthu sna bruachbhailte i gceantair a bhí plódaithe go maith, gan mórán dóchais don toadhchá a bheith ag an slua óg.

Thosaigh an ghluaiseacht pholaitiúil ar tugadh Earrach na nArabach uirthi, sa Túinéis sa bhliain 2010, agus leath go tapa chun na hÉigipte agus tíortha eile an réigiúin. Bhí breis daonlathais agus saoirse chultúrtha á lorg ag na léirsitheoirí.

D'éirigh le gnéithe áirithe an fheachtais agus cuireadh athruithe i bhfeidhm i dtíortha Arabacha éagsúla. Tugadh a leithéidí seo faoi deara sa tSiria agus ba mhaith leis na daoine óga ach go háirithe go mbeadh na cearta agus an tsaoirse chéanna ar fáil ina dtír féin dóibh.

Bhí breathnóirí neamhspleácha idirnáisiúnta den tuairim ag an am nach raibh an bheartaíocht cheart in úsáid ag Assad, agus nach mbeadh an scéal chomh holc ina dhiaidh sin dá mbeadh cur chuige níos boige i bhfeidhm sa tSiria ó thaobh éisteacht a thabhairt do na léirsitheoirí agus déileáil le círéibeacha.

Leath an fhoréigin gan teorainn ar fud na tíre agus tharraing go leor tíortha Eorpacha agus tíortha ó Mheiriceá Thuaidh a gcuid taidhleoirí amach as an tír. Chiallaigh sé sin nach raibh smacht seachtrach ar bith ar Assad. Ní raibh seans ar bith ann go n-iarrfadh na tíortha idirnáisiúnta air éirí as oifig, nó dul chun cainte leis an fhreasúra*.



Fear ag glanadh smionagair in Aleppo, Márta 2017.
Grianghraf: Patrick Nicholson/Caritas

Thosaigh go leor de na daoine seo a bhí easáitithe óna gceantair dhúchasacha féin agus ar cuireadh iallach orthu bogadh chun na gcathracha, ag déanamh agóide. Bhí léirsithe sna sráideanna agus athruithe polaitiúla agus daonlathas ceart parlaiminteach á lorg ag na sluaite. Chuir an tUachtarán Assad agus a chuid fórsaí armtha, na léirsithe sin faoi chois ar an mbealach brúidiúil céanna a bhí i bhfeidhm le blianta fada sa tSiria.

Thapaigh cuid de na grúpaí loslamacha, cuid acu ó thaobh amuigh den tSiria, an deis taobhú leis an fhreasúra in aghaidh Assad. Chiallaigh sé seo go ndearnadh gluaiseacht loslamach seachas gluaiseacht náisiúnta den réabhlóid. Dá bharr san, thaobhaigh go leor Siriach le hAssad toisc go raibh amhras orthu faoin tionchar loslamach. Bhí aicme eile ann áfach a bhí suite air, troid chun báis i gcoinne Assad. Tharla an cogadh cathartha ansin, agus is millteanach an tubaiste agus an t-anord a leanann mar gheall air.

*Ciallaíonn 'an fhreasúra' sa mhír seo, na daoine sin a ghníomhaigh in aghaidh an rialtais.



Dídeanaithe óga Siriacha i gclós súgartha a thóg Sawa ar mhaithe le Forbairt agus Cúnamh Ghleann Beqaa, An Liobáin. Grianghraf: Simon Walsh

Ní féidir a rá go simplí gur dhá thaobh in aghaidh a chéile a bhíonn i gcogadh cathartha. Is scéal casta a leithéid sa lá atá inniu ann. Bhí amhras ar na rialtais Iartharach faoi fhás na n-eagraíochtaí Ioslamacha ar nós ISIS, ach ba chuma leo dá dtitfeadh rialtas Assad dá bharr. D'éirigh leis an arm Siriach smacht a fháil ar fhorhóir na tíre de bharr cúnamh ó eagraíochtaí ar nós Hezbollah agus rialtas na Rúise.

Thug An Iaráin cabhair do rialtas Assad chomh maith. D'aontaigh na ballstáit sa réigiún sin le taobh amháin nó le taobh eile, agus ní féidir a rá cé acu a bheidh i gcumhacht nuair a thagann deireadh leis an gcogadh. Is fíor go dtiocfaidh deireadh leis an gcoibhleacht ag staid éigin, agus beidh go leor oibre ann athstruchtúrú iomlán a dhéanamh ar an tír.

Mar a tharlaíonn i gcónaí i gcásanna mar seo, is é líon na ndídeanaithe an rud is mó a d'eascair ón gcogadh. D'fhág go leor acu an tír go luath sa choinhleacht, ag ceapadh nárbh fhada go bhfillfidís, ach ní mar sin a tharla. Ghlac An Liobáin le breis agus milliún dídeanaithe Siriacha, anuas ar na céadta míle dídeanaithe ón bPalaistín a bhí ann de bharr an achrainn stairiúil. Bíonn deargtha éagsúla ag pobal na Liobáine i leith na ndídeanaithe. Tugann dochtúirí, oidí agus oibríthe sóisialta a gcuid ama saor in aisce le cabhrú, ach tá aicme eile ann a thagann i dtír ar an easpa airgid atá i measc na ndídeanaithe agus a thugann obair fheirme ar bheagán airgid don óige agus

dúshaothraítear na leanaí ionas nach mbíonn oideachas ar bith á fháil acu. Déanann eagraíochtaí ar nós Sawa (féach Gníomhaíocht 7) a ndícheall le cearta na ndídeanaithe, agus na bpáistí ach go háirithe, a chosaint, ach tá géarghá leis, go mbeadh tacaíocht an phobail idirnáisiúnta ar fáil dóibh le leanúint leis an obair.

Is deacair an rud é líon na marbh i gcoibhleacht na Siria a mheas. Deirtear gur maraíodh leath mhilliún duine go fóill. Níl a fhios ag na NA féin go díreach cad iad figiúirí cruinn na marbh. Má chuirtear san áireamh go bhfuil 5.5 milliún dídeanaithe teite leo ón gcogadh, tuigtear gur uafás dochreidte an slad agus an léirscrios a rinneadh ar phobal na tíre.

MÍR 1: MO THUATH

GNÍOMHAÍOCHT 1: Tábhacht na Talún don Phobal



Céim 1: Gailearaí

Tá seacht ngrianghraf ar na sleamhnáin 2–8 ar an PowerPoint a théann leis an ngníomhaíocht seo. Déan iad a phriontáil agus a chrochadh ar na ballaí. Tabhair nótaí Post-it don uile dhalta agus iarr orthu dul thart ag breathnú ar na pictiúir, agus pé smaoinemh nó mothúchán nó freagairt a thagann chucu a scríobh síos ar an nóta agus a ghreamú in aice leis an ngrianghraf a bheadh i gceist. Déan na smaointe a tháinig chucu a phlé mar rang iomlán, agus ansin iarr orthu a rá cad atá á thaispeáint sna grianghraif (cuid acu furasta a aithint) agus an áit inar ghlacadh iad. Tá nótaí ar PowerPoint maidir leis an míniúchán a thabharfá do na daltaí.

Céim 2: Má bhíonn táibléid agaibh, nó má bhíonn cead ag na daltaí na fóin póca a úsáid ar mhaithe le cúrsaí oideachais an ranga, téigh chuig mentimeter.com agus cláraigh don tseirbhís sin. Is éard is Mentimeter ann ná uirlis ar líne a thugann deis do dhaltaí a bheith idirghníomhach agus vóta a chaitheamh ar an bhfón cliste nuair a bhíonn léirithe ar siúl. Lean na treoracha agus cruthaigh léiriú sa néal focal leis an gceist ‘Cén tuiscint atá agat maidir leis an tuath?’ Tabhair an cód do na daltaí agus abair leo na trí fhocal is fearr a chuireann síos ar an dearcadh atá acu i leith na tuaithe a chur isteach.

Cuir an léiriú ar an gclár bán/scáileán ionas go bhfeicfidh na daltaí na vótaí ag teacht isteach. Nuair a bhíonn gach aon vóta caite, cuir na ceisteanna seo:

- Cérbh iad na trí fhocal is mó a luadh?
- Ar chuir aon fhocal ionadh ort?
- An athrófá do chuid focail féin tar éis duit na cinn eile a fheiceáil?

Mura mbíonn fóin ná táibléid ar fáil, cruthaigh néal focal ar leathanach smeach-chárta le crochadh sa seomra.

Céim 3: Ag obair i ngrúpaí beaga cruthaíonn na daltaí meabhairmhapaí maidir leis an tuath agus an meas a bhíonn ag daoine sa bhaile agus i gcéin uirthi. Spreag iad le méid mór snáithe a lua a chuireann síos ar dhaoine agus ar áiteanna atá iomlán éagsúil ón taithí atá acu féin ar an talamh. Is féidir meabhairmhapaí a chruthú ar líne le cabhair na n-uirlisí seo:

- app.mindmapmaker.org
- mindmup.com
- bubbl.us



GNÍOMHAÍOCHT 2: Fan nó Fág?



Bíonn sé deacair orainne uaireanta ionbhá a bheith againn le daoine a chónaíonn faoi chúinsí atá iomlán éagsúil ó staid na hÉireann. Cuirtear an ghníomhaíocht seo os comhair na ndaltaí le go bhféadfaidís cinntí a ghlacadh amhail is go raibh siad féin ag maireachtáil mar fheirmeoirí sa tSiria thuaithe. Cuireann Ráitis A ar leathanach 10 síos mar gheall ar an imirce ón tuath taobh istigh den tSiria, agus Ráitis B ar leathanach 11 ar an gcinneadh An tSiria a fhágáil agus ionad dídine a lorg i dtír eile.

Céim 1: Déan grúpaí daltaí (teaghlai) de 4/5.

Céim 2: Taispeáin mapa na Siria (Sleamhnán 9) dóibh.

Céim 3: Mínigh go bhfuil na Ráitis bunaithe ar shaol réalaíoch na ndaoine sa tSiria. Tar éis gach ráiteas in A, caithfidh na daoine óga cinneadh a dhéanamh an fearr fanacht nó an baile a fhágáil le saol níos fearr a lorg sa chathair. I ndiaidh an chúigiú ráitis, cuirtear iallach orthu imeacht agus dul i dtreo na gcathracha. Cuireann Ráitis B síos ar an tír ina iomláine a fhágáil.

Céim 4: Pléigh an t-ábhar a luaitear sna Ceisteanna Faisnéisithe, ceann i ndiaidh a chéile. Lig do na daltaí am

go leor a bheith acu leis an bplé a dhéanamh, agus tabhair deis dóibh tuilleadh plé a dhéanamh ar aon ábhar suimiúil a aimsíonn siad, más maith leo a leithéid a dhéanamh.

Ceisteanna Faisnéisithe

- 1) Cé mhéad de na daltaí a rinne an cinneadh fágáil sular cuireadh iallach orthu? Cé mhéad acu nár imigh?
- 2) Más rud é gur imigh, cad ba chúis leis an imeacht?
- 3) An raibh sé deacair an cinneadh a dhéanamh? Más ea, cén fáth?
- 4) An bhfuil aon fhachtóir ann a chabhródh leat cinneadh éagsúil a dhéanamh?
- 5) Cad iad fáthanna na coinbhleachta a luaitear sna Ráitis?
- 6) An bhfuil fáth ar bith eile leis an gcoinbhleacht nach luaitear sna Ráitis?



FAN NÓ FÁG: RÁITIS A – AN TSIRIA THUAITHE

RÁITEAS 1 | Cónaíonn an teaghlach i ngobharnóireacht Al-Hasakah, dúiche thábhachtach talmhaíochta in iarthuaisceart na Siria. Fásann sibh barraí agus coimeádann sibh caoirigh mar shlí bheatha. Is iad na barraí is mó a fhásann sibh ná an cadás agus an chruithneacht. Bhain deacrachtaí leis an fheirmeoireacht le cúpla bliain anuas de bharr easpa fearthainne. Mar sin féin, bíonn go leor airgid agaibh ón bhfómhar le bia a bheith agaibh agus leis an triúr páiste a chur ar scoil. An bhfanann tú nó an bhfágann tú?

RÁITEAS 2 | Leanann an triomach ar feadh na mblianta. Thóg an rialtas dambaí agus déanann siad an talamh a uisciú, agus ciallaíonn sé seo go mbíonn go leor uisce don stoc agus do na barraí. Tá costais na feirmeoireachta ag ardú i gcónaí. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil mórán d'fharasbarr airgid le caitheamh ar chúrsaí sláinte, nó ar oideachas. An bhfanann tú nó an bhfágann tú?

RÁITEAS 3 | Tá an dearbhthriomach is measa le fada an lá ar fud na tíre. Chuir tú na barraí sna páirceanna, ach tá ganntanas uisce ann agus caillfear airgead ar an bhfómhar. Caithfidh tú a bheith ag sclábhaíocht ar fheirmeacha na gcomharsan le hairgid mhaireachtála a thuilleamh. Ní bheifear in ann na páistí a chur ar scoil i mbliana. Gheall an rialtas go mbeadh cabhair ar fáil, ach ní fhaca sibh pingin chúnaimh go fóill. An bhfanann tú nó an bhfágann tú?

RÁITEAS 4 | Leantar leis an dearbhthriomach. Chuir an rialtas deireadh leis na fóirdheontais breosla a bhí riachtanach don uisciú agus do chúrsaí iompair. Tháinig ardú 250% ar phraghas an bhreosla thar oíche. Roinnfidh tú an obair fheirmeoireachta agus costas plandála na mbarraí agus an fhómhair leis na comharsana. Gheall an rialtas go mbeadh cabhair airgid ar fáil chomh luath agus is féidir, ach ní fhaca sibh pingin chúnaimh go fóill. Níl cothú maith go leor agaibh agus tá an rogha agus an méid bia i bhfad níos lú ná mar a bhíonn de ghnáth. An bhfanann tú nó an bhfágann tú?

RÁITEAS 5 | Tá an tír scriosta ag an dearbhthriomach. Chuir an rialtas ciste ar fáil le cabhrú leis an bhfeirmeoireacht. Níl ach beagán airgid ar fáil, atá teoranta dóibhsean a bhfuil gníomhais teidil ar an talamh acu. Níl gníomhas ar bith agat don tuath ina maireann tú, agus dá bhrí sin níl sé de cheart agat airgead a lorg ón rialtas. Tá an baol ann go bhfaighidh tú féin agus do chuid comharsana bás den ocras. Beidh toghchán ann i mbliana, ach ní fiú vóta a chaitheamh toisc nach dtiocfaidh aon athrú ar chúrsaí. Glacann tú an cinneadh imeacht chun na Damaisce le hobair a lorg. Beidh do dheartháir agus a mhuintir ag imeacht chomh maith.

FAN NÓ FÁG: RÁITIS B – AN TSIRIA UIRBEACH

RÁITEAS 1 Tagann tú chuig bruachbhaile Ghouta na Damaisce. Tá anord agus easpa dóchais le sonrú i measc an phobail. Rinne na mílte Siriach an tuath a thréigeadh le teacht anseo, iad ag feitheamh romhat sa chathair, i gcomhar leis na mílte duine eile atá ag lorg ionad dídine agus saol feabhsaithe sna cathracha Siriacha. Tháinig siad as gach cearn agus ó thíortha eile ar nós na hIaráice chomh maith. Caitheann tú \$30 in aghaidh na míosa ar phaiste talaimh ina gcuireann tú fút i bpuball ar nós na mBeidiúnach. Gnó práinneach é post a lorg agus airgead a thuilleamh. An bhfanann tú nó an bhfágann tú?

RÁITEAS 2 Faigheann do chuid páistí obair ar fheirmeacha uirbeacha. Faigheann tú féin obair shealadach mar thógálaí nó mar phóirtéir. Tá easpa airgid ann ach tá ioncam agat ó phíosa talún a chur ar cíos. Bíonn fearg ar mhuintir na háite. Ba mhaith leo dul isteach sa chathair agus páirt a ghlacadh sna léirsithe. Níl tú féin suite ar ghníomhú in aghaidh an rialtais, ach ní féidir maireachtáil faoi na coinníollacha seo. Tarlaíonn eachtraí foréigin ag na léirsithe uaireanta, agus tá amhras ort faoi shlándáil an teaghlaigh. An bhfanann tú nó an bhfágann tú?

RÁITEAS 3 Tá an rialtas bréan de na léirsithe scaipthe. Cuireann siad na fórsaí slándála le deireadh a chur leis na hiarratais ar dhaonlathas agus ar athrú. Tháinig do dheartháir chun na Damaisce ag an am céanna leat féin agus beireann na fórsaí slándála air. Tugtar drochíde sa charcair dó sula scaoiltear saor é. Aontaíonn tusa leis na léirsithe agus leis an daonlathas, ionas go mbeidh an tír níos fearr as dá bharr, ach go háirithe mar áit chónaithe do do chlann féin. Conas mar a chuirfear an daonlathas i bhfeidhm? Bíonn cuid de na comharsana ar thaobh an rialtais, agus is minic sibh ag argóint lena chéile. An bhfanann tú nó an bhfágann tú?

RÁITEAS 4 Tá cúrsaí imithe chun donais. Tá gunnaí ag na hagóideoirí le hiad féin a chosaint ó na fórsaí slándála, agus an ruaig a chur orthu. Geallann an rialtas go gcuirfear sceimhlitheoireacht atá á spreagadh ag tíortha iasachta faoi chois. Ní fhreastalaíonn tú ar na léirsithe, ach cloistear fuaimeanna gunnaí go minic. Beidh bagairt á dhéanamh ort mura nglacann tú páirt sa ghluaiseacht réabhlóideach. Cé a thabharfaidh aire do do mhuintir má ghortaítear nó má mharaítear tú? Tá easpa airgid ag goilleadh oraibh agus níl puinn oibre le fáil. Bíonn an cogadh agus an fhoréigin le sonrú ar fud na Siria. Ba mhaith le do dheartháir dul go dtí An Liobáin, ach deirtear gur turas an-dian a bheadh ann lena shroicheadh. An bhfanann tú nó an bhfágann tú?

RÁITEAS 5 Tá an tír ina chíor thuathail anois. Cloistear na pléascáin agus fuaimeanna na ngunnaí gan stad. Níl sé sábháilte a bheith lasmuigh a thuilleadh. Theith do dheartháir i dtreo na Liobáine, ach níl a fhios agat an bhfuil sé féin agus a mhuintir tagtha slán inti. Bhí ar an teaghlach dul isteach san íoslach leis na buamaí a rinne scrios ar na sráideanna a sheachaint. Bíonn soláthar bia le fáil ó na hoibríthe cabhrach, ach bíonn deacrachtaí acu féin ó thaobh na slándála de. Bíonn tú amuigh ag lorg bia ar an lá áirithe seo agus buaileann tú le do chara. Deir sise go mbeidh sí féin agus a mhuintir ag teitheadh i dtreo na Tuirce go luath. Ceaptar go bhfuil eolas an bhealaigh acu, ach is straitéis ardriosca é. An bhfanann tú nó an bhfágann tú?

MÍR 2: TÍR DHÚCHAIS



GNÍOMHAÍOCHT 3: Brigit & Sami



Céim 1: Abair leis na daltaí go bhfuiltear chun breathnú ar an mbeochan 'Imeacht ó Bhaile: Scéalta Brigit & Sami'. Caithfear breathnú go géar air agus smaoineamh faoi na hábhair seo:

- An difríocht idir an duine a fhágann an baile go deonach agus an duine a chuirtear ó bhaile le fórsa.
- Cosúlachtaí agus éagsúlachtaí scéalta Sami & Brigit.

Céim 2: Taispeáin an bheochan Brigit & Sami (Sleamhnán 10) agus iarr ar na daltaí Bileog Oibre 1 a dhéanamh. Tá an físeán ar fáil anseo chomh maith: vimeo.com/235509432

Bileog Oibre 1 (Freagraí 1)



2) Coinbhinsiún na nDídeanaithe 1951

Freagraí 3, 4 & 5: ag brath ar dhearcadh na ndaltaí i leith na beochana. Pléigh na freagraí mar rang iomlán.

BILEOG OIBRE 1: IMEACHT Ó BHAILE – SCÉALTA BRIGIT & SAMI

1) Déan na péirí a mheaitseáil.

Duine a bhogann ó áit amháin go háit eile go deonach nó de bharr riachtanais

Cuirtear iallach ar an duine seo tír a fhágáil agus ionad dídine a lorg i dtír eile

Lorgaíonn an duine seo aitheantas mar dhídeanaí ó rialtas seachtrach agus cead fanacht sa tír sin

Cuirtear iallach ar na daoine seo teitheadh ó áit amháin go háit eile ina dtír féin

Easáitithe ina dtír féin

Iarrthóir Tearmainn

Dídeanaí

Imirceach

2) Cad is ainm don choinbhinsiún idirnáisiúnta a chosnaíonn cearta na ndídeanaithe?



An rial is tábhachtaí sa chomhaontú seo ná **nach gcuirfí iallach ar dhaoine filleadh abhaile má bhíonn an bheatha i mbaol.**

3) Cad iad na cosúlachtaí atá ann idir scéalta Sami & Brigit?

-
-

4) Cad iad na difríochtaí atá ann idir scéalta Sami & Brigit?

-
-

5) Dá mbeifeá in áit Sami agus a mhuintir, cad a dhéanfa? Smaoinigh ar an ngníomhaíocht 'Fan nó Fág' a rinne sibh.

Freagra:

GNÍOMHAÍOCHT 4: Cad Eile a Chailltear Nuair a Bhaintear an Talamh Díot?



Céim 1: Déan grúpaí beaga daltaí agus tabhair paca grianghraf na spriocanna domhanda inbhuanaithe dóibh. Tá cóipeanna crua ar fáil saor in aisce ó mary.boyce@trocaire.org, nó le híoslódáil ag: trocaire.org/sites/default/files/education/lent2019/photo-pack-2019.pdf

Céim 2: Iarr ar na daltaí smaoineamh ar na rudaí a chailltear nuair a bhaintear a gcuid tailte d'aicmí áirithe (m.sh. baile, slí beatha, ionad dídine, oidhreacht). I ndiaidh tamall a chaitheamh ar an machnamh seo, iarr ar na daltaí na seacht sprioc dhomhanda déag a scrúdú agus a rá cén chuid acu a bheadh faoi bhagairt nuair a bhaintear an talamh de dhaoine. Féach sleamhnán 11 don íomhá SFI. Déanadh na grúpaí mac léinn smaoineamh ar an tionchar a bheadh ag an gcailliúint talún ar na spriocanna, agus déan rangú mar seo orthu sna trí chatagóir:

Tionchar díreach

Tionchar indíreach

Gan aon tionchar

Nuair a bhíonn na spriocanna curtha sna catagóirí éagsúla, caithfidh na daltaí fáthanna a thabhairt leis an rangú, agus bíodh dreas comhrá agaibh má bhíonn fáthanna le go mbeadh malairt tuairimí ag daoine.

Céim 3: Baineadh na daltaí úsáid as na ríomhairí nó na táblaí le taighde a dhéanamh faoi na táscairí nó na spriocanna domhanda a mbíonn baint acu le cearta ar thalamh. Cuirtear na torthaí os comhair an ranga. Tá suímh ar leith ann a chabhróidh leis an obair seo:

- globalgoals.org
- sustainabledevelopment.un.org
- landportal.org/book/sdgs
- landcoalition.org

Céim 4: Ábhar le Plé: **Ionas go gcomhlíonfaidh Éire na gealltanais a tugadh maidir leis na SFI a shroicheadh faoi 2030, caithfear a bheith sásta breis dídeanaithe a ghlacadh isteach sa tír.**

Tá tuilleadh eolais maidir le bheith gníomhach agus na spriocanna domhanda a shroicheadh ar fáil ag an suíomh thíos. Tá an bhéim iomlán don bhliain 2019 ar a bheith gníomhach. Féach: worldlargestlesson.globalgoals.org



MÍR 3: TUATH NUA



GNÍOMHAÍOCHT 5: Tíortha Óstacha na nDídeanaithe

Nuair a dhéanann daoine an cinneadh imeacht ó bhaile agus dídean a lorg, is minic nach mbíonn an dara rogha tíortha acu. Ceaptar go mbíonn dídeanaithe ag iarraidh bealach a dhéanamh chuig réigiún thuaidh an domhain. Ní fíor a leithéid. Déanann an chuid is mó dídeanaithe an t-aistear is giorra dóibh le bheith slán.

Céim 1: Sórtáil Chártaí Bhratacha na dTíortha

Déan cóipeanna de Bhileog Oibre 2. Gearr amach bratacha na ndeich dtír óstacha dídeanaithe agus tabhair seit an ghrúpa dóibh. Iarr ar na daltaí rangú a dhéanamh orthu in ord, ón tír is mó dídeanaithe go dtí an tír is lú. Tá na torthaí le sonrú ar shleamhnán 12 den PowerPoint.

Tír	Líon na nDídeanaithe (2017)	Dlús na nDídeanaithe
An Tuirc	3,203,785	1 dídeanaí / 25 saoránach
An Phacastáin	1,406,794	1 / 140
Uganda	1,269,758	1 / 43
An Liobáin	1,003,076	1 / 6
An Iaráin	978,698	1 / 82
An Ghearmáin	864,686	1 / 95
An Ríocht Aontaithe	121,280	1 / 546
An Iorua	60,118	1 / 88
Éire	5,731	1 / 831
An Nua-Shéalainn	1,467	1 / 3,208

Nóta: Dídeanaithe amháin iad seo. Níl iarrthóirí tearmainn nó daoine easáitithe ina dtír féin san áireamh.

Céim 2: Dlús na nDídeanaithe

Iarr ar na daltaí rangú a dhéanamh ar na tíortha in ord Dhlús na nDídeanaithe (dídeanaithe: daonra na tíre, luaite mar dhídeanaí amháin per uimhir saoránach na tíre óstaí). Fiosraigh an daonra reatha ar an idirlíon nó i leabhar tíreolaíochta, nó tabhair an daonra dóibh mar chuid den fhreagra ag Céim 1. Tá na torthaí ar an tábla thuas.


Céim 3: Bí ag smaoineamh faoi na cúig thír is mó dídeanaithe, agus faoin áit as a dtagann formhór acu. Bain úsáid as atlas nó as an idirlíon. Abair leo go mbíonn sé deacair figiúirí oifigiúla faoi thíortha thionscnaimh a fháil, ach gur fiú a dtuairimí féin agus aon fhianaise eile atá acu a úsáid lena chéile le buille faoi thuairim a thabhairt.

Céim 4: An gcuireann aon cheann de na torthaí ionadh orthu? Cén fáth go mbíonn líon na ndídeanaithe i dtíortha áirithe níos airde ná i dtíortha eile? An bhfuil Éire ag glacadh le sciar cothrom dídeanaithe?


BILEOG OIBRE 2: BRATACHA NA DTÍORTHA ÓSTACHA



An Tuirc




Éire



An Iorua




Uganda




An Phacastáin



An Ríocht Aontaithe



An Nua-Shéalainn



An Iaráin



An Liobáin



An Ghearmáin



GNÍOMHAÍOCHT 6: Cad iad Cearta na nDídeanaithe?

Mar a fuarthas amach i nGníomhaíocht 4, bíonn rudaí éagsúla faoi bhagairt nuair a chuirtear iallach ar dhaoine an baile a fhágáil agus bogadh go tír i gcéin. Cailltear an t-ionad dídine a bhaineann le bheith ag cónaí sa bhaile in áit atá ar aithne go maith ag daoine, i measc a muintire féin. Bíonn an baol ann go mbainfí cearta bunúsacha daonna de dhaoine easáitithe chomh maith, na cearta atá leagtha síos agus geallta i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD).

Céim 1: Scaip Bileog Oibre 3, leagan don óige de DUCD. Déan grúpaí beaga mac léinn agus iarr orthu an doiciméad a léamh, agus na bagairtí cearta daonna a eascraíonn ó bheith mar dhídeanaithe nó daoine easáitithe óna dtír féin a aithint. Tá an baol ann go mbainfí ceart ar bith de dhuine, mar sin pioc amach na cinn is mó a bheadh i mbaol.



Céim 2: Mínigh do na daltaí go mbíonn rochtain ag gach aon duine ar na cearta bunúsacha daonna, ach go gcaithfear aire ar leith a thabhairt do chearta ghrúpaí leochaileacha daoine, m.sh. mná, páistí, dídeanaithe, daoine faoi mhíchumas.

Breathnaigh ar an mbeochan faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe 1951 ar shleamhnán 13 den PowerPoint a théann leis seo, agus tá sé ar fáil ag: youtube/i5fnRd2_gB4 chomh maith.

Ceisteanna Leantacha

- 1) Conas a tharla gur tuigeadh go raibh gá le coinbhinsiún ar leith le cearta na ndídeanaithe a chosaint?
- 2) Cad iad cearta na ndídeanaithe atá á gcosaint ag an gcoinbhinsiún? Cén ceann den dá cheart déag a luaitear sa bheochan is tábhachtaí, dar leis na daltaí?
- 3) Níor ghlac an Liobáin leis an gcoinbhinsiún, ach tá an méid is mó dídeanaithe per capita de thíortha an domhain acu, agus aithnítear go mbíonn fáilte roimh dhídeanaithe inti. Cén fáth nár shíníodar an coinbhinsiún? Déan taighde agus scríobh 2 nó 3 fáth leis, nár shínigh an Liobáin an coinbhinsiún.



Más féidir i rith an Charghais, déan machnamh a reáchtáil sa rang maidir leis an gcoinbhleacht agus na dídeanaithe. D'fhéadfaí seirbhís urnaí, tráth machnaimh, tionól nó airneán le solas coinnele a reáchtáil. Tá moltaí faoina leithéid ag: trocaire.org/education/landrights

BILEOG OIBRE 3: DEARBHÚ UILECHOITEANN CHEARTA AN DUINE (1948) (LEAGAN DON ÓIGE)

- Rugadh Saor ar Aon Chéim Muid**

Rugadh mar shaoránaigh muid. Bíonn ár dtuairimí féin againn. Ba cheart go ndéileálfai go cothrom le cách.
- Ná Déan Idirdealú**

Tá na cearta céanna ag cách, cuma cad as dín nó cén cumas atá ionainn.
- Ceart Chun na Beatha**

Bíonn ceart chun na beatha ag cách, le maireachtáil ar bhealach slán saor.
- Gan Daoirse**

Níl cead daoir a dhéanamh dín. Níl cead againne daor a dhéanamh de dhuine.
- Ná Céas**

Níl cead ag aon duine sinn a ghortú nó a chéasadh.
- Tá Cearta Agat Cuma Cén Áit ina mBíonn Tú**

Táimse ar aon chéim leatsa!
- Cothroime Os Comhair an Dlí**

Is ionann an dlí do chách. Caithfear déileáil go cothrom linn.
- Déanann an Dlí na Cearta Daonna a Chosaint**

Tá cead againn glaoh ar fhórsaí an dlí mura mbítear cothrom linn.
- Gan Coinneáil Éagórach**

Níl cead duine a chur sa charcair gan fáth maith, nó duine a choinneáil faoi bhannaí gan fáth, nó daoine a dhíbirt óna dtír féin.
- Triail os Comhair an Phobail**

Tá cead againn triail phoiblí a fháil. Caithfidh aon bhreitheamh a bheith saor ó thionchar míchuí.
- Neamhurchóide go dtí go gCruthaítear a Mhalairt**

Caithfear fianaise a chur ar fáil faoi mhí-iompar. Tá cead againne fianaise a thabhairt ina haghaidh.
- Príobháideacht**

Níl cead clúmhillleadh. Níl cead briseadh isteach orainn sa bhaile, ár litreacha a léamh, nó cur isteach orainne nó ar ár muintir gan fáth maith.
- Saoirse Bogadh Thart**

Tá saoirse taistil againn sa bhaile agus i gcéin.
- Ceart Áit Chónaithe Sábháilte a Lorg**

Má imrítear go holc linn inár dtír féin, tá cead againn ionad dídine a lorg i dtír eile.
- Cead Náisiúntacht a Bhaint Amach**

Tá cead chun na saoránachta againn.
- Pósadh agus Clann a Thógáil**

Tá cead ag an duine fásta pósadh agus clann a thógáil. Tá na cearta céanna ag mná agus atá ag fir, bídis pósta nó scartha.

- 17) **Seilbh a Choimeád**

Tá cead againn ár n-iarmhais féin a bheith againn agus iad a roinnt. Níl cead ár n-iarmhais a bhaint dínn gan fáth maith.
- 18) **Saoirse Smaointí**

Tá cead ár dtuairimí féin a bheith againn, ár gcreideamh a admháil nó a athrú.
- 19) **Saoirse Tuairimíochta**

Tá cead ár n-intinn féin a bheith againn, saoirse cainte, saoirse smaointí a roinnt le cách.
- 20) **Tionól Poiblí**

Tá cead tionól a dhéanamh lenár gcairde, agus ár gcearta a lorg go síochánta mar oibrithe, agus a bheith bainteach le ceardchumann nó gan a bheith, de réir mar is mian linn.
- 21) **An Daonlathas**

Tá cead againn a bheith páirteach i rialtas na tíre. Tá cead ag daoine fásta a gcuid ceannairí polaitiúla a roghnú.
- 22) **Slándáil Shóisialach**

Tá an ceart againn tithíocht inacmhainne a bheith againn, leigheas, oideachas, cúram leanaí, airgead go leor le go mbeadh caighdeán maireachtála réasúnta againn, agus go dtabharfaí aire dúinn má bhíimid tinn nó sean.
- 23) **Cearta na nOibrithe**

Tá ceart ag an duine fásta post oiriúnach a aimsiú, pá cothrom, agus bheith mar bhall den cheardchumann.
- 24) **Ceart Súgartha**

Tá ceart againn sos oiriúnach a ghlacadh ón obair.
- 25) **Lóistín agus Cothú do Chách**

Tá ceart againn caighdeán maireachtála réasúnta a bheith againn. Ba cheart go dtabharfaí aire do na máithreacha, na leanaí, na heasláin, daoine aosta, daoine gan obair.
- 26) **Oideachas**

Is ceart bunúsach é oideachas a fháil, agus é a bheith saor sa bhunscoil. Ba cheart foghlaim faoi na Náisiúin Aontaithe agus conas réiteach lena chéile. Tá cead ag tuismitheoirí oideachas na bpáistí a rialú.
- 27) **Cóipcheart**

Cosnaíonn dlí an chóipchirt, aon saothar cruthaitheach. Níl ceart cóipeanna a dhéanamh gan chead. Tá sé de cheart againn taitneamh a bhaint as na healaíona, an eolaíocht, as buanna an oideachais.
- 28) **Domhan Cothrom Saor**

Caithfidh an domhan a bheith in ord agus in eagar ionas gur féidir linn ár gcearta agus ár saoirse a bhaint amach sa bhaile agus i gcéin.
- 29) **Freagracht**

Tá sé de dhualgas orainn cearta agus saoirse an duine eile a chosaint.
- 30) **Ní Féidir le Duine ar Bith do Chearta Daonna a Bhaint Díot**



GNÍOMHAÍOCHT 7: Sawa: Forbairt agus Cúnamh




Céim 1: Cabhraidh leis na daltaí micreashuíomh na N.A.: report.hdr.undp.org/ a aimsiú. Spreag iad leis an suíomh iomlán a scrúdú, agus aire ar leith a thabhairt do na tíortha agus na háiteanna a mbíonn suim acu iontu. Ansin iarr orthu Bileog Oibre 4 a líonadh.

Céim 2: Scaip Bileog Oibre 5 orthu agus abair leis na mic léinn cás-staidéar 'Sawa: Forbairt agus Cúnamh' a léamh. Ansin taispeáin fiseán Thrócaire ar shleamhnán 14 an PowerPoint dóibh. Déanann sé tagairt don chabhair dhaonnúil a dhéanann siad sa Liobáin agus ar fud an domhain. Tá sé ar fáil chomh maith ag: trocaire.org/education/landrights. Iarr ar na daltaí a fháil amach conas mar a thugann Sawa tacaíocht do mhuintir Maya agus conas mar a thugann Trócaire tacaíocht do Sawa.

Céim 3: Míniú do na daltaí gur bh é Trócaire gníomhaireacht thar lear na hEaglaise Caitlicí, agus go mbíonn forbairt fhadtéarmach agus freagairt luath dhaonnúil á gcur i bhfeidhm acu. Cén tionchar a bhíonn ag an gcur chuige seo ar an obair a dhéanann Trócaire? Cén fáth go mbaineann tábhacht leis an dá straitéis a chur i bhfeidhm, más féidir?

Féach ar 'Ordlathas Riachtanas' Maslow agus iarr ar na daltaí an mhír faoin fhreagairt dhaonnúil a scáthú, agus aon mhír faoin bhforbairt fhadtéarmach chomh maith.

Tá eolas faoi 'Ordlathas Riachtanas' Maslow ag: simplypsychology.org/maslow.html



Campa neamhfhoirmiúil na ndéanaithe ag baile Bar Elias, Gleann Beqaa, An Liobáin, in aice le teorainn na Siria. Grianghraf: Simon Walsh

BILEOG OIBRE 4: AN TINNÉACS UM FHORBAIRT DHAONNA

Beidh rochtain ar an suíomh seo de dhíth oraibh leis an ngníomhaíocht a dhéanamh: report.hdr.undp.org/

Ceisteanna

- 1) Cé mhéad tír atá sna catagóirí éagsúla de réir na staitisticí is déanaí?
Forbairt Dhaonna An-Ard _____ Forbairt Dhaonna Ard _____
Forbairt Dhaonna Mheánach _____ Forbairt Dhaonna Íseal _____
- 2) Cén áit sa rangú ina bhfuil na tíortha seo:
An Ríocht Aontaithe _____ Éire _____ An tSiria _____ An Liobáin _____
- 3) Cén ceann de na tíortha is mó a d'ardaigh sa rangú. Le cé mhéad áit?

- 4) Cé mhéad tír atá sna catagóirí: meánach nó íseal?

- 5) Cén 3 thír is mó a thit san IFD, cé mhéad áit ar thiteadar sa rangú?

- 6) Cad í an phríomhchúis leis seo?

- 7) De réir na dtorthaí is tábhachtaí, cad iad na bagairtí is mó atá ann in aghaidh na forbartha daonna?
Ainmnigh dhá cheann ar a laghad.
1. _____

2. _____

- 8) An bhfuil laigí san IFD mar tháscaire na forbartha? Smaoinigh ar na grúpaí lena mbíonn Trócaire ag obair go dian leo sa Liobáin, nuair a bhíonn sibh ag freagairt.

GNÍOMHAÍOCHT 8: Na Scéalta is Tábhachtaí

Is cuid dár ndúchas é mar chine dhaonna, scéalta a ríomhadh. Léirigh an duine réamhstairiúil pictiúir sna pluaiséanna, rinne na seanchaithe scéalta a chur síos ó ghlúin go glúin, tá tábhacht le scéalta digiteacha an lae inniu. Is cuid shuntasach dár saol mar dhaoine muinteartha iad na scéalta a insint. Léargas ar an mbeatha iad na scéalta, roinnimid ár dtaithe ar an saol, déanaimid taifead air, é a thabhairt chun cuimhne, ciall a dhéanamh as.



Céim 1: Cad iad bunghnéithe an scéil spreagúil?

Bain úsáid as nótaí Post-it (nó Mentimeter; nasc ag Gníomhaíocht 1). Cuir ceist ar na daltaí, ‘Cad iad bunghnéithe an scéil spreagúil?’ Iarr orthu na trí eilimintí is mó a bhaineann le scéal spreagúil a scríobh, agus breac síos ar an gclár bán nó ar leathanach smeach-chairte iad. Cuir na ceisteanna seo leanas orthu:

- Cérbh iad na trí fhocal is mó a luadh?
- Ar chuir aon cheann de na tuairimí ionadh oraibh?
- Tar éis na dtuairimí eile a fheiceáil, an athrófa do thuairimí féin?

Céim 2: Cé hiad scéalaithe na linne seo, agus conas mar a insítear a gcuid scéalta?

Iarr orthu daoine a ainmniú a raibh scéal le rá acu, trí mheán ar bith m.sh. i bhfocail, trí cheol nó amhrán, i scannán, i ndán, trí chaint TED. Bí cinnte go roghnaítear scéalta spreagúla a thug ábhar machnaimh dóibh, a chuir athrú meoin orthu nó a spreag chun gnímh iad.

Iarr ar na daltaí a gcuid scéalta a roinnt, cad atá á rá sa scéal, cén fáth ar roghnaíodh é, cén tionchar a bhí aige orthu.

Céim 3: Scéal na nGrianghraif – Tábhacht na talún don phobal

Bain úsáid as na grianghraif ar shleamhnáin 2–8 um PowerPoint. Cuir an cheist ar na daltaí: Conas mar a d’fhéadfaí iad ar fad nó cuid acu a úsáid le scéal a insint?

Déan grúpaí beaga agus tabhair cóipeanna de na grianghraif dóibh. Bíodh ceathrú uaire acu le scéal a chumadh faoin tuath, ag baint úsáide as na grianghraif ar fad, nó as cuid acu. Má bhíonn am agus acmhainní agaibh, iarr orthu dhá ghrianghraif bhreise a aimsiú a chabhródh leis an scéal a rá. Nuair a bhíonn an t-am istigh, insíonn na grúpaí éagsúla an scéal a chumadar, don chuid eile den rang.

Céim 4: Aistear an Laoich

Baineann laoch ar leith le go leor scéalta, agus bíonn iliomad saghsanna gaiscígh mar an príomh-charachtar sna scéalta éagsúla. Tá mianach maith ionainn a bheith mar laoch inár scéalta féin, ionas go gcuirfimis go mór leis an saol lena mbainimid, leis an domhan a fhorbairt de réir ár dtuairimí féin.

Deir Joseph Campbell, ollamh Meiriceánach sa litríocht go mbaineann turas ar leith leis an ngaiscíoch, ar a dtugann sé 'aistear an laoich.' Bíonn trí thréimhse i gceist sa turas – imeacht, tosú, agus fillleadh – agus baineann céimeanna éagsúla leis na tréimhsí.



- Taispeáin an físeán TED-Ed (ar fáil ag: [youtube/d1Zxt28ff-E](https://www.youtube.com/watch?v=d1Zxt28ff-E)) agus iarr ar na daltaí na céimeanna den turas a aithint, de réir thuairimí an ollaimh Campbell. Nuair a bhíonn an físeán thart, breac síos na céimeanna, tá dháréag acu ann, ar thábla mar atá thíos. D'fhéadfaí leathanach ó smeach-chairt a úsáid. Tá an tábla seo le sonrú ar shleamhnán 15 den PowerPoint a théann leis seo.

Tosach	Céim 1	Céim 2
Céim 3	Céim 4	Céim 5
Céim 6	Céim 7	Céim 8
Céim 9	Céim 10	Céim 11

- Bain úsáid as Bileog Oibre 5. Iarr ar na daltaí dhá chéim déag d'aistear Rouba a aithint. Cé mhéad de thaithí Rouba a shuíonn isteach le teimpléad aistear an laoich? An bhfuil aistear Rouba mar laoch thart, nó an gcaithfidh sí dul trí chéimeanna eile go fóill? Ar ghabh Rouba thar chéim ar bith? Cén tábhacht a bhaineann le scéalta a rá, mar mhíniú ar na mórghníomhartha a dhéanann na gnáthdhaoine, ionas gur laochra iad dá bharr?
- An dtugann na daltaí laoch ar bith faoi deara i measc an phobail ina maireann siad? Cad é an scéal atá le rá ag na daoine sin? Más oiriúnach an rud é, agus le cead ó na tuismitheoirí, iarr ar na daltaí agallaimh a chur ar na daoine sin, nó tabhair cuireadh chun na scoile dóibh, le rá faoin aistear atá idir lámha acu.
- Cuir taispeántas maidir le haistear an laoich in airde sa seomra ranga nó ar scoil. An bhfuil duine ar bith eile seachas Rouba agus na daoine a d'aithin siad i measc an phobail, ina saol féin nó ar fud an domhain, a thabharfadh dea-shampla maidir leis an ngnáthdhuine a bheith ag tabhairt faoi aistear an laoich?

BILEOG OIBRE 5: CÁS-STAIIDÉAR FHORBAIRT AGUS CÚNAMH SAWA

‘An geimhreadh a bhí ann, bhí an tír, fuar fliuch. D’imigh mé amach sa charr le cuairteanna a thabhairt ar na teaghlaigh. Theitheadar ón tSiria gan airnéis ar bith acu. Thug mé faoi deara go raibh fuil ar a gcuid éadaigh. Chuir sé seo go mór isteach orm. Tháinig mé abhaile agus scaip mé teachtaireacht ar na meáin shóisialta a rinne cur síos ar gach a bhfaca mé, agus ar an gcúnamh a bhí de dhíth ar na dídeanaithe bochta Siriacha. Mearscaipeadh an teachtaireacht agus m’uimhir fhóin. Ghlaigh na sluaite orm. I gceann deich lá bhí \$20,000 USD tiomsaithe againn agus lán an tí d’earraí faighte againn.’

Is í Rouba Mhaissen bunaitheoir agus stiúrthóir Sawa, eagraíocht neamhrialtasach (ENR) lonnaithe i mBéiriút na Liobáine. Tá sé dírithe ar thacaíocht a thabhairt do na dídeanaithe Siriacha a chónaíonn i gcampaí i mBéiriút agus i ngleann Beqaa in oirthear na Liobáine ar imeall na Siria. D’fhás Rouba aníos idir an dá tír agus samhlaítear di gur saoránach den dá tír í. Bhí an-mheas ag a hathair agus ag a muintir ar an oideachas. Chuir Rouba isteach ar áit ag scoil eacnamaíochta Londan (LSE) gan an iomarca muiníne a bheith aici san iarratas. Nuair a ghnóthaigh sí a háit, bhronn a muintir gach tacaíocht uirthi agus rinne sí Céim Mháistir san fhorbairt dhomhanda sa choláiste.


Nuair a bhí sí ag freastal ar an LSE thosaigh réabhlóid na Siria agus lean sí an scéal i gcéin. Thug Rouba cuairteanna ar an Liobáin agus ar an tSiria sa samhradh i 2011. Caitheadh col ceathrar léi i rith na léirsithe, agus níor thug sí cuairt eile ar an tSiria ina dhiaidh sin. I rith thurais chun na Liobáine um Nollaig 2011 thug sí cuairt ar theaghlaigh Shiriacha a theith chun na Liobáine le héalú ón gcogadh. Chuir tosca na cuairte alltacht uirthi, agus chuaigh sí i mbun ghnímh.

Shíolraigh ‘Sawa’, ón bhfeachtas a thosaigh le teachtaireacht ar na meáin shóisialta agus leanadh leis an obair fiú nuair a d’fhill sí féin ar Londain le leanúint lena cuid staidéir.

Thug Rouba cuairteanna ar scoileanna agus ar ollscoileanna na Ríochta Aontaithe, le haird a tharraingt ar chás na ndídeanaithe Siriacha a bhí ina gcónaí sa Liobáin. Thiomsaigh sí airgead, d’eagraigh sí ceolchoirmeacha, dhíol sí anraith agus cistíní cupa agus chuir sí an t-airgead chuig Sawa i mBéiriút.



Rouba Mhaissen, Stiúrthóir Fhorbairt agus Cúnamh Sawa.
Griangraf: Garry Walsh, Trócaire



Thosaigh Sawa ar obair fhóirithinte éigeandála (bia, blaincéid agus leigheas) a chur ar fáil, agus de réir a chéile bhí córas sofaisticiúil acu a bhí ag déileáil le hoideachas agus le cumhachtú na mban. Chabhraigh Sawa le dídeanaí Siriach áirithe scoil faoi chanbhás a bhunú i gceann de na campaí dídeanaithe. Níor ghnóthaigh an t-oidé seo tuarastal ar bith, agus bhí fiche mac léinn sa scoil. Taobh istigh de sheachtain bhí 250 teaghlach ag lorg aite sa scoil. Bhí Rouba dhá bhliain agus fiche d'aois nuair a bhunaigh sí Sawa.

Tá ocht mbliana ann ón uair a bunaíodh Sawa agus tá an eagraíocht ag obair i gcampa dídeanaithe agus fiche i nGleann Beqaa. Labhair Rouba go minic ag tionóil idirnáisiúnta maidir le cás na ndídeanaithe Siriacha sa Liobáin, agus an deacracht a bheadh acu filleadh riamh ar a dtír féin.

Bhíodh Rouba in ísle brí go minic le cúpla bliain anuas de bharr fadhbanna na géarchéime, agus de bharr na heaspa dóchais a fheictear i súile mharthanóirí an chogaidh.

Is minic a tharla go ndeachaigh sí ar Skype, agus nach bhféadfadh sí teagmháil a dhéanamh le daoine áirithe toisc nach rabhadar ar fáil ar líne, ionas gur thuig sí nach mbeidís ar fáil le cabhrú léi riamh arís. Ghoill an teip seo go mór uirthi. Bhí ardú meanman ann di nuair a thug sí cuairt ar na campaí agus nuair a thug sí faoi deara an giúmar maith a bhí ar na daoine óga, nach raibh dada acu. Spreagadh í le leanúint leis an obair – ní fhéadfadh sí éirí as.

Tá an-mheas ag Rouba ar an gcomhoibriú a sholáthraíonn Trócaire di, bíonn sé deacair tacaíocht a fháil ó eagraíochtaí domhanda eile.

Deir Rouba nach féidir comhpháirtíocht éifeachtach a bheith ann mura mbíonn muinín ag na páirtithe as a chéile, mura léirítear muinín san eagrais eolach áitiúil. Caitheann na bunluachanna céanna a bheith á roinnt ag cách; dóchas sa mhuintearas daonna, creideamh i ndínit an duine aonair, agus meas ar a chéile i measc an phobail ina mbítear ag obair. Baintear an bród as na daoine a bhíonn ag obair leis na dídeanaithe. Cabhraíonn comhpháirtíocht Thrócaire le Sawa a bheith mar eagrais feabhsaithe, proifisiúnta, éifeachtach, a thuigeann luach na tacaíochta agus fiúntas na hoibre.

Is breá léi modh oibre Thrócaire agus dóchas a bhíonn iontu sna heagraíochtaí áitiúla, agus an bealach ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le cumhachtú na n-eagrais áitiúil. Is iadsan na daoine a thuigeann an pobal, agus aithníonn an pobal iadsan chomh maith.



Bunaíodh Ionad Dídine Sawa i nGleann Beqaa, le cabhair ó Thrócaire. Grianghraf: Simon Walsh

Bíonn muinín ag an bpobal iontu. Is cuid de spiorad an mhuintearais agus den mheitheal iad. Beidh siad ann nuair a chuirtear deireadh leis an gcogadh. Nuair a imíonn gach ENR idirnáisiúnta agus a gcuid trealamh agus a gcuid deontóirí chomh maith, beidh na heagrais ar nós Sawa ann go fóill, ach iad a bheith níos oilte agus níos láidre de bharr an chúinimh a bronnadh orthu. Tuigeann Trócaire an scéal seo go maith, agus sin an fáth leis an infheistíocht a dhéanann siad sna heagraíochtaí áitiúla.

Thug Trócaire tacaíocht do Sawa, Ionad Dídine a bhunú mar thionscadal i gceann de na campaí dídeanaithe. Cónaíonn Maya agus a muintir sa champa, agus baineann siad úsáid as an ionad le hoideachas a fháil, le háit súgartha sábháilte a bheith acu, agus le scileanna a fhoghlaim. Tá an ghruagaireacht á fhoghlaim ag máthair Maya san ionad tionscadail faoi láthair. Gné thábhachtach den obair a bhíonn ar siúl san ionad ná an cultúr Siriach a mhúineadh do Maya agus dá leithéid.

Ba mhaith le Maya agus lena muintir filleadh ar an tSiria amach anseo. Ach tuigtear dóibh gur deacair an mhian sin a bhaint amach. Bhíodh a hathair Hassan ag obair mar thiománaí tacsáí sa tSiria, agus bhí caighdeán maireachtála maith acu. Ba bhreá leis a bheith ina chónaí arís ansin, agus an saol a bheith mar a bhíodh sé. Bhí sé sásta go maith le cúrsaí ansin, agus ní bheadh níos mó uaidh ón saol. Ba mhaith leis go mbeadh todhcháí níos fearr roimh na páistí agus a bhean chéile ná mar atá rompu faoi láthair. Tá sé de dhóchas ann go bhféadfadh sé filleadh ar an tSiria arís agus a bheith ina thiománaí tacsáí athuair.

Bíonn an smaoineamh céanna ag go leor daoine i nGleann Beqaa agus ar fud na Siria, ach is deacair an bealach ar ais a dhéanamh amach, agus beidh fadhbanna go leor ag an bpobal fiú nuair a chuirtear deireadh leis an gcoinbhleacht.

MÍR 4: CÉ LEO AN TALAMH?

GNÍOMHAÍOCHT 9: Am Filleadh Abhaile?



Céim 1: Déan grúpaí 3/4 sa rang. Abair leo go ndéanfar staidéar ar an mbealach ina gcuirtear An tSiria agus an choinbhleacht os comhair an phobail sna meáin. (Toisc go gcuirtear an acmhainn seo le chéile i bhfad roimh am foilsithe, beidh deis sa ghníomhaíocht seo an nuacht is déanaí maidir le cás na Siria a fhiosrú.) Déanann gach aon ghrúpa taighde sna nuachtáin, ar an idirlíon, agus ó fhoinsí eile maidir leis na ceisteanna seo a fhreagairt:

- Conas mar atá an t-atmaisféar polaitíochta sa tSiria faoi láthair?
- An bhfuil an cogadh ar siúl go fóill? An bhfuil deireadh an chogaidh á thuar go fóill?
- Cad iad na rialtais eachtrannacha atá páirteach i gcoinbhleacht na Siria anois?
- An bhfuil dídeanaithe ag filleadh ar an tSiria?
- Cad iad na dlíthe atá i bhfeidhm sa tír le filleadh na ndídeanaithe a rialú? (m.sh. Dlí #10)?
- An bhfuil baint ag pobail an domhain leis an atógáil? Más ea, conas san?

Céim 2: Cuireann gach grúpa na torthaí os comhair an ranga ar a rogha bealaí. (PowerPoint, Prezi, Craoladh teilifíse, 7rl.)

Céim 3: Nuair a bhíonn críochnaithe leis an gcur i láthair, bíodh plé ann maidir leis an mbealach is fearr ina bhféadfaí scaipeadh a dhéanamh ar an ábhar a d'fhoghlaimíodar agus an taighde/acmhainn seo idir lámha acu. Treoróidh sé seo isteach sa ghníomhaíocht dheireanach iad, sé sin cur isteach ar chomórtas 'Gníomhairí Athraithe Trócaire.'

Campa dídeanaithe i nGleann Beqaa, An Liobáin. Grianghraf: Simon Walsh

'Is balla é an sliabh. Coimeádann sé sa charcair muid. Tá an tSiria ar an taobh eile.'

Enas, oibrí síceasóisialta Sawa



GNÍOMHAÍOCHT 10:

TRÓCAIRE
GNÍOMHAIRÍ ATHRAITHE


Cruthaigh Cluiche. Athraigh an Domhan



Is comórtas é 'Gníomhairí Athraithe Trócaire' do dhaoine óga ar mhaith leo an domhan a athrú, agus a chreideann gur féidir a leithéid a dhéanamh trí mheán na gcluichí!

Caithfidh gach aon chluiche a chuirtear isteach, cearta ar thalamh nó cearta an duine aonair a bheith mar théama aige, nó baint a bheith aige le téama oideachas forbartha eile. Caithfidh go gcuirfead ar fáil é i gceann de na formáidí seo:

CLUICHE CLÁIR | CLUICHE CÁRTAÍ | CLUICHE FÍSE

**Conas cur isteach ar 'Gníomhairí Athraithe Trócaire'**

Céim 1: Déanann na daltaí taighde agus plé faoi réimse leathan cluichí. Tá samplaí de chluichí a dhéanann scrúdú ar chearta daonna agus ar théamaí an oideachais fhorbartha ar fáil ag trocaire.org/gamechangers

Céim 2: Cruthaíonn na páistí cluiche a léiríonn an méid a d'fhoghlaimíodar faoi chearta ar thalamh nó cearta daonna nó téama fhorbairt dhaonna. Is féidir leis an duine aonair/grúpa/rang iomlán cluiche a chruthú.

Céim 3: Tabhair cuireadh do dhaoine eile ar scoil an cluiche a imirt agus déan taifead ar an méid acu a d'imir, agus ar an aiseolas a thugadar. Glac grianghraif nó físeáin den chluiche a bheith á imirt.

Céim 4: Lión an fhoirm iarratais ag: trocaire.org/gamechangers. Cuir isteach an cluiche agus an fhoirm chuig Trócaire faoin **Aoine 12 Aibreán**.

Céim 5: Bronnfar teastas ar an uile dhalta a bhíonn páirteach i gcluiche a chur isteach. Tabharfar cuireadh do na ocht n-iomaitheoir déag a bheidh ar ghearrliosta, teacht chuig ócáid cheiliúrtha sa **Helix, Baile Átha Cliath** ar an **Déardaoin, 16 Bealtaine 2019**. Bronnfar plaiceanna scoile ar na daoine ar an ngearrliosta. Bronnfar turas chuig **Cool Planet Experience** in **Áth na Sceire, Co. Chill Mhantáin** ar an mbuaiteoir sa chatagóir lar-bhunscoile. Cuirfead an cluiche is fearr ar aghaidh chuig an 7ú Chomórtas do Chluichí Oideachais, Odense na Danmhairge, Deireadh Fómhair 2019. Tabharfar cuireadh d'ionadaithe ón rang/grúpa buach, chomh maith leis an múinteoir, taisteal chun na Danmhairge leis an gcluiche a chur os comhair na moltóirí, i gcomhar le Trócaire. Tá tuilleadh eolais ar an mbileog istigh leis seo agus ag: trocaire.org/gamechangers




IS É TRÓCAIRE GNÍOMHAIREACTH FHORBARTHA THAR LEAR NA HEAGLAISE CAITLICÍ IN ÉIRINN

Tá réimse ábhar a dhéanann iniúchadh ar chearta daonna, ar athrú aeráide agus ar cheartas sóisialta ar fáil ag an suíomh: trocaire.org/education

Ar mhaith leat breis eolais a bheith agat maidir leis na dídeanaithe?

Féach: *Easáitiú Éigeantach: Cad ina thaobh go mbeadh suim agam in Imirce & Dídeanaithe*. Tá fíricí agus figiúirí, agus gníomhaíochtaí le déanamh sna ranganna Iar-bhunscoile ann.



Facebook: facebook.com/trocaireireland bí linn

Twitter: twitter.com/trocaire na tuíteanna is déanaí

YouTube: youtube.com/trocaire tacaíonn sibh leis na daoine seo

Vimeo: vimeo.com/trocaire ár bhfíseáin anseo

Instagram: instagram.com/trocaireonline grianghraif & físeáin

Trócaire, Maigh Nuad,
Co. Chill Dara, Éire
+353(0)1 629 3333
Ríomhphost chuig Mary
Boyce ag:
mary.boyce@trocaire.org

Trócaire, 12 Sráid na
hArdeaglaise,
Baile Átha Cliath 1, Éire
+353(0)1 874 3875
dublincentre@trocaire.org

Trócaire, 9 Sráid an
Chócaigh,
Corcaigh, Éire
+353(0)21 427 5622
corkcentre@trocaire.org

Trócaire, 50 Sráid an Rí.
Béal Feirste BT1 6AD,
Tuaisceart Éireann
+44(0)28 90 808 030
infoli@trocaire.org



Aithníonn Trócaire go buíoch an tacaíocht a thugann Cúnamh Éireann dúinn agus a chuireann ar ár gcumas imeachtaí Oideachas Forbartha a chur ar fáil in Éirinn. Tá an fhreagracht ar na húdair as an ábhar, as na bealaí oibre agus as na gníomhaíochtaí a léirítear san acmhainn seo, agus ní gá go mbeidís ag réiteach le polasaithe Cúnamh Éireann.